EirGrid

EirGrid.ie/dublin

# Ag Cumhachtú Bhaile Átha Cliath

## Bealach Charraig Mhaighin go dtí An Poll Beag

(An Rogha Feidhmíochta is Fearr)



# Cé hiad EirGrid agus Céard a Dhéanaimid?



Is cuideachta faoi úinéireacht an stáit é EirGrid a fhorbraíonn, a bhainistíonn agus a oibríonn eangach leictreachais na hÉireann. Táimid freagrach as soláthar sábháilte, slán agus iontaofa leictreachais na hÉireann. Tá EirGrid ar thús cadhnaíochta freisin maidir le haistriú slán na heangaí leictreachais chuig todhchaí inbhuanaithe, ísealcharbóin.

Tugann an eangach cumhacht ón áit a ghintear í chomh fada leis an líonra baile a sholáthraíonn an leictreachas a úsáidimid gach lá i dtithe, gnólachtaí, scoileanna agus ospidéil.

Is bonneagar criticiúil í an eangach leictreachais a thacaíonn le forbairt shochaí agus gheilleagar na hÉireann. Cabhróidh obair a dhéantar anois chun an eangach a fheabhsú le todhchaí níos inbhuanaithe a chruthú.

# Céard atá i gceist le Cumhachtú Bhaile Átha Cliath?

Is clár ríthábhachtach é Ag Cumhachtú Bhaile Átha Cliath a neartóidh an príomhbhonneagar leictreachais i mBaile Átha Cliath agus sa cheantar mórthimpeall, agus a chabhraíonn lena chinntiú go mbeidh Éire 'faoi réir inbhuanaithe'. Cabhróidh an clár seo le soláthar comhsheasmhach agus iontaofa leictreachais a sholáthar do Bhaile Átha Cliath.

Tá bonneagar leictreachais Bhaile Átha Cliath ag dul in aois. Ní mór obair a dhéanamh chun é a athrú agus a nuachóiriú ionas gur féidir le Baile Átha Cliath leanúint ar aghaidh ag forbairt agus ag bláthú, agus níos mó úsáide a bhaint as cumhacht ó fhoinsí in-athnuaite.

Tá geilleagar agus daonra Bhaile Átha Cliath ag fás, agus tá an t-éileamh ar leictreachas ag fás freisin. Leanfaidh an t-éileamh seo ag fás de réir mar a bhogaimid i dtreo an méid seo a leanas:



- leictreachas a úsáid do theaschaidéil tí,
- feithiclí leictreacha a luchtú, agus
- ár seirbhísí iompair phoiblí a chumhachtú.

Cuirfidh na hoibreacha seo ar chumas Bhaile Átha Cliath freastal ar a éilimh fuinnimh anois agus amach anseo.

Faoin mbliain 2030, ní mór dúinn iarracht a dhéanamh 80% den éileamh ar leictreachas atá á sholáthar ag acmhainní in-athnuaite, cosúil le fuinneamh gaoithe agus fuinneamh na gréine, a bhaint amach. Tá an sprioc seo leagtha amach i bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide na hÉireann. Tá Ag Cumhachtú Bhaile Átha Cliath ríthábhachtach maidir leis an sprioc sin a chomhlíonadh.

# Cén obair a dhéanfar?

Suiteálfaidh EirGrid, lenár gcomhpháirtithe, níos mó ná 50km de cháblaí 220 kV ar 5 bhealach ar fud na cathrach. Seo thíos na bealaí atá i gceist:

- Fostáisiún Fhionnghlaise go dtí fostáisiún an Phoirt Thuaidh
- Fostáisiún an Phoirt Thuaidh go dtí fostáisiún an Phoill Bhig
- Fostáisiún Charraig Mhaighin go dtí fostáisiún an Phoill Bhig
- Dhá chiorcad a nascann fostáisiún Inse Chór le fostáisiún an Phoill Bhig

Beidh na cáblaí nua 220 kV seo faoi thalamh, agus nascfaidh siad fostáisiúin leictreachais mórthimpeall ar Bhaile Átha Cliath.

Déanfar uasghrádú freisin i roinnt fostáisiún chun tacú le líonra leictreachais Bhaile Átha Cliath.

Cuirfidh an obair seo isteach ar dhaoine uaireanta, ach i dteannta lenár gcomhpháirtithe tionscadail, déanfaimid iarracht an cur isteach a íoslaghdú le linn na tógála. Déanfaimid é seo trí bheith ag obair agus i mbun cumarsáide leanúnaí le pobail áitiúla, údaráis áitiúla agus le gnólachtaí i mBaile Átha Cliath.

**Tá eolas le fáil sa doiciméad seo maidir leis an mbealach idir fostáisiún Charraig Mhaighin agus fostáisiún an Phoill Bhig.**

Déantar cur síos ann ar na hathruithe atá déanta ar na tograí bunaidh bunaithe ar aiseolas a fuaireamar trínár gcomhairliúchán poiblí agus rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara. Chabhraigh sé seo linn an Rogha Feidhmíochta is Fearr a chur le chéile don bhealach seo. Tá rannóg ceisteanna coitianta le fáil ag deireadh an doiciméid seo freisin.

# Buntáistí an Tionscadail

## Seasmhacht agus iontaofacht an tsoláthair

Trí eangach leictreachais níos iontaofa agus níos seasmhaí a fhorbairt, cinnteofar go mbeidh fuinneamh ag gach duine san am agus san áit a mbíonn sé ag teastáil. Chomh maith leis sin, cumasóidh an t-uasghrádú seo neamhspleáchas trí leas a bhaint as foinsí fuinnimh níos glaise gar don chathair.

## Freastal ar na riachtanais a bheidh ann amach anseo

Cabhróidh na feabhsuithe seo freisin le freastal ar riachtanais leictreachais Bhaile Átha Cliath atá ag dul i méid agus ag athrú. San áireamh tá leictriú córas iompair, feithiclí agus téimh, riachtanais úsáideoirí móra fuinnimh agus forbairt tithíochta agus oifigí.

## Inbhuanaitheacht

Cuirfidh Ag Cumhachtú Bhaile Átha Cliath ar chumas eangach na cathrach an leictreachas a ghintear ó fhuinneamh gaoithe amach ón gcósta a úsáid agus a tharchur chuig croílár na cathrach. Is céim ríthábhachtach é seo chun cabhrú le hÉirinn aistriú chuig leictreachas ísealcharbóin amach anseo.

## Geilleagrach

Cabhróidh na huasghráduithe criticiúla seo le geilleagar Bhaile Átha Cliath a neartú, rud a spreagfaidh infheistíocht amach anseo agus a thacóidh léi.

## Pobal

Tacóidh ár mbeartas leasa pobail go díreach le pobail áitiúla sna ceantair ina mbeidh bonneagar an tionscadail á óstáil.

# Céard atá Déanta go dtí Seo?

## Comhairliúchán Poiblí

Tá EirGrid tiomanta do rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara agus leis an bpobal. Nuair a oibrímid le páirtithe leasmhara, le pobail agus le lucht tionscail, déanaimid cinntí níos fearr. Thug an comhairliúchán poiblí deis do pháirtithe leasmhara tionchar a imirt ar na bealaí cábla do Ag Cumhachtú Bhaile Átha Cliath. Chomh maith leis sin, chuir sé faisnéis luachmhar áitiúil, speisialaithe ar fáil a raibh ról lárnach aici sa chinneadh a rinneadh maidir leis na bealaí is oiriúnaí do gach cábla i ngach cuid de Bhaile Átha Cliath.

Reáchtáil EirGrid comhairliúchán poiblí maidir leis na Roghanna Feidhmíochta is Fearr is Dealraithí a Roghnófar le haghaidh cúig bhealach cábla ar fud Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath ón 28 Márta go dtí an 23 Bealtaine 2023. Tá na doiciméid a bhaineann leis an gclár seo le fáil ar shuíomh gréasáin EirGrid eirgrid.ie/dublin

Cheapamar Oifigigh Teagmhála Pobail speisialta don chlár. Bhunaigh agus d'éascaigh na hOifigigh Teagmhála Pobail fóraim áitiúla ghnó agus phobail mar chuid dár rannpháirtíocht leanúnach le páirtithe leasmhara.

Reáchtáil EirGrid imeachtaí faisnéise poiblí agus seisiúin faisnéise poiblí thar thréimhse chomhairliúcháin 8 seachtaine chomh maith le clinicí buail isteach leis an Oifigeach Teagmhála Pobail chun tuilleadh eolais a chur ar fáil agus chun ceisteanna ó bhaill den phobal agus ó úinéirí gnó áitiúla a fhreagairt.

## Suirbhéanna agus Measúnuithe

Tá measúnuithe tráchta agus suirbhéanna scagthástála comhshaoil á ndéanamh chun a dheimhniú go bhfuil na riachtanais rialála agus phleanála a bhaineann le clár Ag Cumhachtú Bhaile Átha Cliath á gcomhlíonadh.

## Fóram Bonneagair Bhaile Átha Cliath

Bhunaigh EirGrid Fóram Bonneagair Bhaile Átha Cliath i mí na Bealtaine 2022 chun cur isteach ar ghnólachtaí agus ar phobail ar fud na cathrach a íoslaghdú. Chun bonneagar straitéiseach a thógáil ar an scála seo, tá gá le dlúthchomhar idir líon mór príomhpháirtithe leasmhara, a bhfuil bonneagar straitéiseach agus tionscadail straitéiseacha á gcur ar fáil ag go leor acu do Chathair Bhaile Átha Cliath freisin.

Páirteach san Fhóram tá gníomhaireachtaí stáit agus comhlachtaí reachtúla atá ag obair le chéile chun deiseanna comhoibrithe a aithint, agus chun smaointe agus faisnéis a roinnt maidir le hoibreacha bonneagair pleanáilte ar fud na cathrach.

Chruthaigh an comhoibriú seo beart deiseanna dearfacha faoi gclár Ag Cumhachtú Bhaile Átha Cliath go dtí seo. Tá a fhios againn gur trí oibriú as lámha a chéile i ngach earnáil den tsochaí a éireoidh le hÉirinn a sprioc sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa glan-nialasacha a chomhlíonadh faoin mbliain 2050.

# Céard atá ag Tarlú Anois?

Cheadaigh an t-aiseolas a bhailíomar tríd an gcomhairliúchán agus trí rannpháirtíocht páirtithe leasmhara eile, mar aon le scrúdú teicniúil níos fearr ar gach bealach, do EirGrid na Roghanna Feidhmíochta is Fearr a chinneadh do thrí cinn de na bealaí cábla a cuireadh i láthair in 2023.

Tá na Roghanna Feidhmíochta is Fearr foilsithe againn anois do thrí cinn de na bealaí cábla a bhaineann le Ag Cumhachtú Bhaile Átha Cliath:

- Carraig Mhaighin go dtí An Poll Beag
- An Port Thuaidh go dtí An Poll Beag
- Fionnghlas go dtí an Port Thuaidh

Tá tuilleadh oibre ag teastáil chun bailchríoch a chur ar an dá bhealach atá fágtha chun fostáisiún leictreachais Inse Chór a nascadh le fostáisiún leictreachais an Phoill Bhig. Foilseoimid na Roghanna Feidhmíochta is Fearr do na bealaí seo níos déanaí i mbliana.



# Labhair Sibh, d'Éisteamar Libh

Ghlac EirGrid le 91 aighneacht le linn an chomhairliúcháin phoiblí maidir leis na Bealaí Feidhmíochta is Fearr is Dealraithí a Roghnófar do Ag Cumhachtú Bhaile Átha Cliath. Tarraingíodh aird sna haighneachtaí seo, mar aon leis an rannpháirtíocht ar an talamh le grúpaí pobail, gnólachtaí agus oibreoirí agus rialtóirí móra bonneagair, ar roinnt caolas bóthair agus roghanna malartacha féideartha. Bhí an comhoibriú seo mar bhonn le clár athsholáthair cábla níos fearr agus níos éifeachtúla, a laghdaigh an tionchar ar thrácht, pobail, gnólachtaí agus ar an timpeallacht.

Tá roinnt athruithe déanta ar na bealaí atá beartaithe mar thoradh díreach ar an deis a bheith á tapú ag EirGrid labhairt le pobail, gnólachtaí agus trí Fhóram Bonneagair Bhaile Átha Cliath. Tá cur síos déanta ar chuid de na hathruithe seo thíos:

Nuair a chuathas chun cainte leis na pobail áitiúla, moladh go bhféadfadh an bealach taisteal trí thailte Ráschúrsa Bhaile na Lobhar seachas taisteal feadh an N31. Thug roinnt freagróirí le fios go laghdódh sé seo an brú tráchta trí Bhaile Uí Mhurchú agus Bóthar Bhaile Uí Ógáin. Dá bhrí sin, ritheann an Rogha Feidhmíochta is Fearr trí thailte an ráschúrsa a laghdóidh tionchair tráchta ar chónaitheoirí, comaitéirí agus gnólachtaí, agus a laghdóidh tionchair bhóthair níos mó ná 1km.

Tharraing tuilleadh rannpháirtíochta i gceantar na Carraige Duibhe aird ar an líon suntasach scoileanna timpeall ar cheantar Ascaill Pháirc an Bhaile Nua, agus ar an trácht atá bainteach leo seo le linn uaireanta oscailte agus dúnta scoile. In áit a bheith ag taisteal síos Ascaill Pháirc an Bhaile Nua, anois rithfidh an bealach trí na heastáit tithíochta comhthreomhar le hAscaill Pháirc an Bhaile Nua, agus beidh sé ag taisteal síos Ascaill Dhún Carúin i dtreo an chósta. Laghdóidh an t-athrú suntasach seo an tionchar ar bhealach tábhachtach,



rud a fhágfaidh go mbeidh na hoibreacha níos inbhuanaithe agus nach gcuirfidh siad isteach an oiread sin ar phobail i gceantar na Carraige Duibhe.

Déanfaimid measúnuithe breise de réir mar a leanann an clár ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile, rud a chiallaíonn gur féidir an bealach a bheachtú tuilleadh.

San áireamh sna measúnuithe seo beidh imscrúduithe láithreáin, rannpháirtíocht leanúnach le húinéirí talún agus le pobail, agus roghanna dearaidh ionchuimsitheacha dúlra a shainaithint le haghaidh cosaint cábla muirí le buntáistí cruthaithe d'fhiadhúlra muirí.



### Bealach Amach ón gCósta

Gné lárnach den Rogha Feidhmíochta is Fearr don bhealach seo é trasnú mara Chuan Bhaile Átha Cliath Theas. Thacaigh neart páirtithe leasmhara leis an trasnú seo agus laghdóidh sé an tionchar ar thrácht go mór.

Tá gach iarracht déanta againn a chinntiú go mbeidh a laghad tionchair agus is féidir ag na pleananna ar an timpeallacht, agus leanfaimid ar aghaidh le measúnuithe comhshaoil chun é seo a chinntiú. Níl EirGrid taobh le bheith díreach tiomanta do thionchair ar bhithéagsúlacht a sheachaint. Táimid tiomanta freisin don dúlra a athbhunú agus a fheabhsú. Bealach amháin chun é seo a dhéanamh mar chuid dár dtionscadal cábla amach ón gcósta ná cosaint cábla 'Dúlra Ionchuimsitheach' a úsáid. Ciallaíonn sé seo go mbeidh imill gharbha ag an armúr carraige a chosnaíonn na cáblaí faoi uisce a thacóidh le halgaí, crústaigh, moilisc, éisc agus speicis eile.








### An Rogha Feidhmíochta is Fearr

# Carraig Mhaighin go dtí An Poll Beag

Is bealach athbhreithnithe é an Rogha Feidhmíochta is Fearr a aithníodh don bhealach idir Carraig Mhaighin agus An Poll Beag bunaithe ar an rogha a aithníodh roimhe seo mar Rogha I le linn an phróisis rannpháirtíochta poiblí.

Léiríodh imní ghinearálta sa cheantar maidir leis na tionchair ar thrácht, gnólachtaí agus ar an timpeallacht, chomh maith le leibhéil arda de thionscadail bonneagair leanúnacha. Dá bhrí sin, rinneamar measúnú ar an mbealach agus rinneamar roinnt athruithe. Rinneadh na hathruithe seo tar éis díriú go háirithe ar an aiseolas ó úinéirí talún, gnólachtaí, páirtithe leasmhara agus pobail áitiúla.

## Cur Síos ar an mBealach

Tosaíonn an Rogha Feidhmíochta is Fearr don bhealach seo ag teorainn fhostáisiún leictreachais Charraig Mhaighin ar Bhóthar Bhaile Uí Ógáin. Deimhneofar an bealach beacht amach as an bhfostáisiún le linn na chéad chéime eile den chlár.

Ansin trasnaíonn an bealach cábla Líne Ghlas Luas ag Bóthar Bhaile Uí Ógáin i dtreo Ascaill Bhaile Uí Ógáin. As sin, beidh sé ag rith comhthreomhar leis an M50 ag Meánscoil Ag Foghlaim le Chéile na Céime, agus ag taisteal faoin M50 ag an bpointe a shainaithnítear mar an suíomh trasnaithe is fearr. Le linn céimeanna níos déanaí, deimhneoidh tuilleadh measúnuithe geoiteicniúla an suíomh trasnaithe beacht.

Ansin trasnaíonn an bealach Ráschúrsa Bhaile na Lobhar ó shuíomh trasnaithe an M50 go Bóthar Bhaile na Lobhar go dtí go sroicheann sé acomhal Bhóthar Bhaile na Lobhar agus Coill Torquay. Ansin rachaidh sé ó thuaidh go dtí Plásóga Westminster, agus taistealóidh sé tríd an eastát in aice leis an N11.

Ansin rachaidh an bealach cábla trasna an N11 i dtreo Phlásóg Belmont. Tá measúnuithe á ndéanamh faoi láthair ar conas na hoibreacha a chur i gcrích ar bhealach nach gcuirtear isteach ach ar éigean ar na hoibreacha, agus tá oibreacha oíche á mbreithniú.

Ó Phlásóg Belmont, taistealóidh an bealach ar aghaidh go dtí Bóthar Pháirc Ardachaidh, trí Chlós Ardachaidh agus síos Ascaill Dhún Carúin. Samhlaítear go mbeidh na hoibreacha a theastaíonn ar na bóithre seo nasctha le huasghráduithe taistil gníomhacha beartaithe sa cheantar chun an tionchar ar chónaitheoirí a íoslaghdú.

Ó Ascaill Dhún Carúin, taistealaíonn an bealach go dtí an N31 (Bóthar Frascati), feadh Bhóthar na Carraige agus casann sé soir go dtí Páirc na Carraige Duibhe. Ansin rachaidh an bealach faoin iarnród DART agus úsáidfidh sé cábla fomhuirí chun Cuan Bhaile Átha Cliath Theas a thrasnú ó Pháirc na Carraige Duibhe agus ar aghaidh i dtreo charrchlós Phort na Sliogán ag an bPoll Beag.

Ar deireadh, taistealóidh an bealach ó charrchlós Phort na Sliogán feadh Bhóthar Phort na Sliogán agus ar aghaidh go dtí fostáisiún an Phoill Bhig. Deimhneofar an bealach beacht chomh fada leis an bhfostáisiún i rith na chéad chéime eile den chlár.

# Tuilleadh Eolais

Tá tuilleadh eolais le fáil - lena n-áirítear léarscáileanna mionsonraithe, an tuarascáil chomhairliúcháin, tuarascálacha teicniúla agus staidéir féidearthachta – le fáil ar ár leathanach gréasáin speisialta do Ag Cumhachtú Bhaile Átha Cliath: eirgrid.ie/dublin

## Ceisteanna Coitianta

### An gcuirfidh an tionscadal seo isteach ar dhaoine?

Cuirfidh, ach chun an cur isteach a laghdú agus oibriú ar bhealach chomh héifeachtach agus is féidir, tá EirGrid ag comhoibriú le fóntais, soláthraithe iompair, údaráis áitiúla agus neart eagraíochtaí eile atá faoi úinéireacht an stáit. Tá Fóram Bonneagair Bhaile Átha Cliath bunaithe againn le grúpaí oibre éagsúla chun tacú leis an gcomhordú sin. Tabharfar aird ar an gcur chuige i leith chéim na tógála agus beart féideartha, amhail bainistíocht tráchta, chun cur isteach ar chúrsaí tráchta a íoslaghdú.

### An mbeidh sé riachtanach bóithre a dhúnadh chun na hoibreacha a dhéanamh?

Sa chás go bhfuil na bealaí cúng, b’fhéidir go mbeadh sé riachtanach bóithre a dhúnadh. Déanfar cinneadh maidir leis seo agus déanfar é a chomhaontú leis an údarás áitiúil roimh na hoibreacha tógála agus comhaontófar ar phleananna bainistíochta tráchta iomlána. Cuirfear gnólachtaí agus pobail ar an eolas sula ndúnfar aon bhóthar.

### Cathain a chuirfear tús leis an obair thógála?

Táthar ag súil go gcuirfear tús leis na hoibreacha a bhaineann leis an tionscadal seo in 2025, agus tá sé beartaithe na hoibreacha a chur i gcrích in 2028.

### An mbeidh tionchar diúltach ag an gcábla amach ón gcósta ar an timpeallacht?

Tabharfaidh EirGrid tús áite don chábla atá ag rith trí Chuan Bhaile Átha Cliath Theas a chur taobh amuigh den Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta, nuair is féidir. Le linn dhearadh agus thógáil an chábla, tá gach iarracht á déanamh chun a chinntiú go mbeidh a laghad tionchair agus is féidir ag na pleananna ar an timpeallacht. Cuirfidh suirbhéanna ag na láithreáin seolta agus talún, cábla bonn eolais ar fáil d’iarrachtaí leanúnacha chun suíomhanna a shainaithint a dteastaíonn maolú don fhiadhúlra iontu, lena n-áirítear limistéir bheathaithe agus fara Cadhan agus éan bogaigh eile, agus láithreáin fara Geabhróg in aice le An Poll Bheag.

### Cén fáth ar athraíodh an láithreán seolta cábla amach ón gcósta?

Tugadh faoi deara i ndiaidh breis imscrúdaithe nach raibh dóthain spáis sa charrchlós in aice le suíomh Bhaile na Manach chun an trealamh druileála a bhí ag teastáil chun an cábla a shuiteáil a fheistiú. Fiosraíodh roinnt roghanna eile feadh an chósta idir Dún Laoghaire agus Geataí Mhuirfean. Mar thoradh ar an bpróiseas seo, aithníodh Páirc na Carraige Duibhe mar an áit is fearr.

### An mbeidh ceadúnas nó toiliú de dhíth ar an mbealach amach ón gcósta?

Beidh, teastaíonn Ceadúnas Muirí agus Toiliú Limistéir Mhuirí (MAC) ón mbealach amach ón gcósta chun suirbhéanna agus forbairt a dhéanamh i gCuan Bhaile Átha Cliath. Mar chuid den phróiseas ní mór do MARA agus don Bhord Pleanála gníomhaíochtaí áirithe a cheadú nó toiliú dóibh.

## An é seo an bealach deiridh?

Creidimid gurb é an bealach a chuirtear i láthair sa doiciméad seo an Rogha Bealaigh Feidhmíochta is Fearr bunaithe ar rannpháirtíocht páirtithe leasmhara agus measúnuithe teicniúla atá déanta go dtí seo. Sula gcuirfear tús leis na hoibreacha tógála, cuirfear réimse leathan staidéar, imscrúduithe agus suirbhéanna i gcrích iad chun bonn eolais a chur faoi dhearadh mionsonraithe an bhealaigh. Díreoidh na suirbhéanna a dhéanfar ar sheandálaíocht, éiceolaíocht, imscrúduithe mara, imscrúduithe talún, suirbhéanna fóntais, hidreolaíocht agus measúnuithe teicniúla.

Nílimid ag súil le haon athrú ábhartha ar an mbealach atá beartaithe faoi láthair, ach sa chás go mbeidh gá le hathrú den sórt sin, déanfar tuilleadh rannpháirtíochta leis na páirtithe leasmhara.

## Cad iad na chéad chéimeanna eile?

Leanfaidh EirGrid ar aghaidh le cúrsaí a phlé le pobail áitiúla agus le páirtithe leasmhara, fad is atá suirbhéanna agus imscrúduithe láithreáin ag leanúint ar aghaidh. Nuair is cuí, déanfar an bealach a bheachtú bunaithe ar aiseolas nó ar fhaisnéis bhreise theicniúil nó timpeallachta eile.

Beimid ag leanúint ar aghaidh le hullmhú na n-iarratas pleanála freisin agus tá súil againn go mbeimid in ann iarratas a dhéanamh ar na ceadanna cuí, nuair is gá, níos déanaí in 2024.

## An mbeidh leas pobail ag baint le Ag Cumhachtú Bhaile Átha Cliath?

Mar chuid de Ag Cumhachtú Bhaile Átha Cliath, déanfaimid iarracht tacú leis na pobail mar chuid dár mBeartas Leasa Pobail. Díreoidh ár dtacaíocht ar na téamaí seo a leanas - pobail, inbhuanaitheacht agus bithéagsúlacht. Beimid á dtreorú ag páirtithe leasmhara áitiúla chomh fada is a bhaineann leis na bealaí is fearr chun leas a bhaint as na cistí leasa pobail atá curtha ar leataobh do na tionscadail seo, ionas go dtacófar leis na heagraíochtaí, na clubanna agus na grúpaí sin a bhfuil an tionchar is dearfaí acu i measc na bpobal seo. Le haghaidh gach cábla faoi thalamh a sholáthraímid, cuirfimid 3% de chostas an chábla ar fáil don chiste.



# Imeachtaí Eolais

Beidh roinnt preabimeachtaí eolais á reáchtáil ag EirGrid chun eolas a chur ar fáil don phobal faoi gach ceann de na bealaí roghnaithe. Is deis iad na himeachtaí seo do dhaoine agus do ghrúpaí leasmhara an méid seo a leanas a dhéanamh:

- labhairt le ball den fhoireann theicniúil agus lenár nOifigeach Teagmhála Pobail,
- féachaint ar léarscáileanna mionsonraithe de na bealaí, agus
- ceisteanna a chur nó ceisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn maidir leis na bealaí roghnaithe a phlé.

Is imeachtaí buail isteach iad seo agus ní gá duit coinne a dhéanamh. Chomh maith leis sin, tá ár bhfoireann sásta bualadh le daoine aonair, grúpaí pobail agus grúpaí gnó ar bhonn duine le duine má iarrtar sin.

Seo thíos sonraí na n-imeachtaí:

**6 Feabhra,** 11am - 7pm
Ionad Siopadóireachta Bhaile Shéarlais, Fionnghlas

**8 Feabhra,** 11am - 7pm
Ionad Sráidbhaile Bhaile na Lobhar, Baile Uí Ógáin

**12 Feabhra,** 11am - 4pm
Ionad Pobail Sheáin Uí Chathasaigh, An Port Thoir

**15 Feabhra,** 11am - 7pm
Ionad Frascati, An Charraig Dhubh

**20 Feabhra,** 11am - 7pm
Ionad Frascati, An Charraig Dhubh

**22 Feabhra,** 11am - 7pm
Clearwater, Fionnghlas



# Sonraí Teagmhála

Má theastaíonn tuilleadh eolais uait nó má theastaíonn doiciméid i bhformáid eile uait, déan teagmháil linn trí ríomhphost a sheoladh chuig dublin@eirgrid.ie nó nóta scríofa a sheoladh chugainn ag an seoladh seo a leanas:

Ag Cumhachtú Bhaile
Átha Cliath
EirGrid PLC
160 Bóthar Shíol Bhroin
Droichead na Dothra
Baile Átha Cliath
D04 FW28

Chomh maith leis sin, is féidir leat teagmháil a dhéanamh lenár nOifigeach Teagmhála Pobail:



**Liz Dillon**
Oifigeach Teagmhála Pobail
Liz.Dillon@eirgrid.com
087 188 7982

**Scan anseo chun níos mó a fhoghlaim faoi Ag Cumhachtú Bhaile Átha Cliath**



EirGrid

An tUbhchruth, 160 Bóthar Shíol Bhroin,
Baile Átha Cliath, 4D04 FW28
01 627 1700 | EirGrid.ie

WORLD LAND TRUST™
www.carbonbalancedpaper.com
CBP002856